DHOICIMÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN

MOLTAÍ AR ATHRUITHE DO SHOCRUITHE FOIRMLE CÓMHAOINITHE BÁS DO 2009/10

Is iad na moltaí athraithe ar a bhfuil comhairle á lorg ná:

1. **Ualú bunscoile AWPU** - méadú ar ualú AWPU an dalta bunscoile ó 1.04 go 1.05;

2. **Bunchéim** - fachtóir nua a thabhairt isteach, a dháileann maoiniú tarmligthe chun tacú le bunscoileanna i seachadadh Bunchéime an churaclaim bunscoile;

3. **Tráth Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile*** – fachtóir nua a thabhairt isteach chun cuidiú le hacmhainní breise a dháileadh le cinntiú go bhfuil dhá lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad de thráth scaoilte ó dhualgais mhúinteoireachta ar fáil do Phríomhoidí na scoileanna níos lú.

** Má tá sé cinnte go bhfuil an fachtóir maoinithe seo le tabhairt isteach, beidh oiriúnú ag teastáil ar fheidhmiú reatha fachtóra Tacaíochta na Scoileanna Beaga do bhunscoileanna. Ar chaoi ar bith, níl athrú ar bith á mholadh ar fhoirmle na socruithe maoinithe reatha maidir le fachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga in iar-bhunscoileanna.*

Athruithe molta don Fhoirmle Cómhaoinithe: 2009/10

Tugann an méid a leanas cúlra ar shocruithe maoinithe reatha, chomh maith le hachoimre imlíneach ar na hathruithe molta agus na torthaí beartaithe. Tá torthaí maoinithe léiriúcháin breise do gach moladh agus samplaí gaolmhara cuimsithe in Iarscríbhinn A.

1. Fachtóir Aonaid Dalta Ualaithe ó Thaobh Aoise (AWPU)

Socruithe maoinithe reatha agus cúlra

1.1 Cuireann an athrú atá á mholadh tiomantas an Aire in iúl, a sonraíodh ag am fógartha na mbuiséad scoileanna 2008/09, chun sciar coibhneasta an mhaoinithe do dhaltaí bunscoile a ardú, tríd an ualú bunscoile AWPU a mhéadú diaidh ar ndiaidh ó 1.05 in 2009/10 agus 1.06 in 2010/11 gan drochthionchar ar sciartha maoinithe coibhneasta do naíolann do scoileanna naíolainne agus iar-bhunscoileanna.

1.2 Ba chóir sonrú go bhfuil £3m breise slánaithe ag an Roinn Oideachais i mbonnlínte reatha an bhuiséid oideachais atá le n-áireamh i mBuiséad Comhiomlánaithe na Scoileanna a bheidh dáilte ar scoileanna tríd an bhFoirmle Cómhaoinithe in 2009/10. Ceadóidh an maoiniú breise do mhéadú san ualú bunscoile AWPU de 0.01 gan drochthionchar ar sciartha maoinithe coibhneasta do chéimeanna eile an oideachais.

Cuspóir an athraithe molta

1.3 Ba chóir do mhéadú in ualú coibhneasta AWPU a fheidhmítear le daltaí bunscoile:

- méadú ar sciar coibhneasta an mhaoinithe atá dáilte ar bhunscoileanna faoi shocruithe an fhoirmle mhaoinithe; agus

- leanúint leis an laghdú ar dhifreálach coibhneasta sna (meán in aghaidh dalta) leibhéil mhaoinithe idir dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile.

Measúnú Achomair

1.4 Tá an measúnú a leanas ar mhéadú féideartha in ualú AWPU na ndaltaí bunscoile go 1.05 mar **léiriú amháin** agus bunaithe ar shonraí daltaí agus na bpróifílí scoile reatha a úsáideadh do chuspóirí maoinithe in 2008/09.

1.5 Tá luach airgid AWPU cinnte trí líon iomlán AWPU sna scoileanna ar fad a roinnt (sin líon na ndaltaí sna scoileanna ar fad iolraithe faoi ualúcháin

éagsúla AWPU a bhaineann le daltaí i ngach raon aoise) ar an méid atá fágtha i mBuiséad Foriomlánaithe na Scoileanna tar éis a bhaintear na méideanna ar fad a leithdháiltear do scoileanna faoi na fachtóirí gaolmhara neamh-AWPU ar fad eile.

1.6 Tá maoiniú AWPU gach scoil ríofa trí líon iomlán AWPU atá ginte ag daltaí sa scoil a mhéadú faoi luach airgid AWPU – a bhí cothrom le £1,966.16 in 2008/09

1.7 Dá mbeadh ualú 1.05 feidhmithe do dhaltaí bunscoile in 2008/09, bheadh an luach airgid AWPU traoite dá réir sin, toisc go mbeadh níos mó AWPU le roinnt isteach sa mhéid chéanna de mhaoiniú ar fáil.

1.8 Chiallódh ualú méadaithe barúlach AWPU de 1.05 do dhaltaí bunscoile go mbeadh 1,551 aonad breise AWPU, .i. líon iomlán na ndaltaí bunscoile méadaithe faoi mhéadú barúlach de 0.01; agus méadú comhfhreagrach - £6.84 san luach airgid AWPU atá úsáidte le maoiniú AWPU a dháileadh ar na daltaí ar fad mar atá léirithe thíos.

Tionchar ar AWPU	**AWPU Iomlán – bunaithe ar ualú bunscoile AWPU Iarbhír de 1.04**	**Iomláin Bharúlacha bunaithe ar ualú bunscoile AWPU de 1.05**	**Athraitheas san AWPU ualaithe iomlán**	**%**
AWPU Iomlán	444,512	446,063	1,551	0.35%

Luach Airgid **Iarbhír** AWPU	£1,966.16	
Luach Airgid **Barúlach** AWPU	£1,959.32	
Athrú	- £6.84	-0.35%

1.9 Dá réir sin, bheadh ualú AWPU níos airde (1.05) feidhmithe ag gach dalta bunscoile do luach airgid AWPU níos lú (£1,959.32) - leis an nglantoradh go mbeadh thart ar £12.49 níos mó aimsithe ag gach dalta bunscoile dá ndéanfaí an moladh seo a fhorfheidhmiú in 2008/09 mar atá léirithe thíos.

<u>Maoiniú AWPU</u>	**Iarbhír** 2008/09 AWPU Bunscoile 1.04 x £1,966.16	**Toradh barúlach** AWPU Bunscoile 1.05 x £1,959.32	Difríocht	**%**
Dalta Bunscoile	£2,044.80	£2,057.29	£12.49	0.61%

<u>Tionchar ar chéimeanna oideachais eile</u>

1.10 Léiríonn na torthaí múnlaithe, in aghaidh shonraí 2008/09, – toisc luach airgid laghdaithe AWPU – go mbeadh athrú mar seo tar éis na sciartha maoinithe atá dáilte ar scoileanna naíolainne agus iar-bhunscoileanna a laghdú thart ar -0.3%.

1.11 Bheadh an maoiniú ag teastáil, in aghaidh shonraí 2008/09, chun luach airgid AWPU a aischur cothrom le:

446,063 AWPU x £6.84 (méid chun luach airgid AWPU reatha a aischur) = £3.05m

1.12 Mar atá sonraithe níos luaithe mar sin féin, tá cistí breise de £3m slánaithe ag an RO i mbonnlínte reatha an bhuiséid oideachais, chun ceadú do mhéadú san ualú bunscoile AWPU gan drochthionchar ar sciartha maoinithe coibhneasta i gcéimeanna eile an oideachais, ach san am céanna ag cumasú do dhaltaí bunscoile leithdháileadh iomlán an mhaoinithe a aimsiú mar atá ginte ag ualú AWPU níos airde méadaithe faoin luach airgid AWPU 'aischurtha'.

1.13 Dá réir, i dtéarmaí níos leithne, bheadh ualú bunscoile níos airde de 1.05 chomh maith le maoiniú breise tar éis thart ar £20 níos mó in aghaidh an dalta bunscoile a dháileadh (sonraí 2008/09).

Maoiniú AWPU	**Iarbhír** 2008/09 AWPU Bunscoile 1.04 x £1,966.16	**Toradh barúlach (£3m breise)** AWPU Bunscoile 1.05 x £1,966.16	Difríocht	**%**
Dalta Bunscoile	£2,044.80	£2,064.46	£19.66	0.96%

Togra

Iarrtar ar scoileanna a gcuid tuairimí a nochtadh ar an moladh gur chóir ualú AWPU do dhaltaí bunscoile a mhéadú go 1.05.

Tá breis eolais ar an moladh agus na torthaí léirithe le feiceáil ag Iarscríbhinn A.

2. Fachtóir Bunchéime

Socruithe maoinithe reatha agus cúlra

2.1 Chomh maith le maoiniú FC do scoileanna, bhí leithdháiltí breise curtha ar fáil do bhunscoileanna cheana féin faoi shraith de chistí cláir cosúil le tionscnamh Making A Good Start (MAGS), clár píolótach an Churaclaim Saibhrithe, agus tacaíocht Bunchéime do churaclam na bunscoile sa bhliain airgeadais reatha 2008/09. Tá na hacmhainní breise seo tar éis cuidiú le cúnamh a sholáthar sa seomra ranga le heilimint d'acmhainní sa seomra ranga. Rinne na cláir seo thart ar £17.5m a dháileadh ar bhunscoileanna in 2008/09 – lasmuigh d'fhoirmle na socruithe maoinithe tarmligthe BÁS.

2.2 D'athraigh na leibhéil mhaoinithe a dáileadh ag leibhéal na scoile aonair in 2008/09 de réir na gclár éagsúla thuasluaite (thart ar £9,600 go dtí £72,000).

2.3 Toisc go mbaineann an curaclam Bunchéime ina iomláine anois ón scoilbhliain 2008-09 agus go leanfar leis mar chuid lárnach agus leanúnach de sholáthar na bunscoile, tá sé molta gur fachtóir nua a thabhairt isteach laistigh den bhFoirmle Cómhaoinithe (FC), ar a thugtar an Fachtóir Bunchéime. Tacóidh an fachtóir seo le bunscoileanna i seachadadh Bunchéime an churaclaim bunscoile.

Cuspóir an athraithe molta

2.4 Soláthróidh cuimsiú an mhaoinithe seo laistigh den FC na bunscoileanna le buiséid mhéadaithe, óna mbeidh solúbthacht acu chun maoiniú a dháileadh le cinntiú go ndéantar Bunchéim an churaclaim bunscoile a sheachadadh go héifeachtach, lena n-áirítear cúnamh seomra ranga agus acmhainní seomra ranga mar is cuí. Faoin moladh seo, bheadh gach maoiniú Bunchéime dáilte go díreach ar bhunscoileanna faoi fhoirmle tharmligthe na socruithe maoinithe trí leithdháileadh cnapshuime íosmhéide a fheidhmiú do bhunscoileanna incháilithe, le méid bhreise do gach dalta P1 agus/nó P2 os cionn figiúir tairsí áirithe na ndaltaí. Cinntíonn an tsuim íosmhéide go bhfaigheann scoileanna beaga leibhéil shuntasacha maoinithe chun tacú leo i seachadadh Bunchéime an churaclaim bunscoile.

Measúnú Achomair

2.5 Beidh tionscnamh an fhachtóra Bunchéime laistigh den bhfoirmle ag iarraidh maoiniú a dháileadh ar bhealach a thagann le leithdháiltí 2008/09 a bheag nó a mhór. Mar sin féin, toisc go bhfuil na meicníochtaí maoinithe reatha bunaithe go mór ar mhodheolaíocht bhanda, is féidir leis seo athrúcháin a chruthú ann féin idir scoileanna le líon daltaí ina bhfuil difríocht bheag i gceist. Ina theannta sin, ní fhaigheann gach scoil maoiniú Making A Good Start do ghrúpaí bunscoile 2 bhliain (ní bhfuair 1/3 de

scoileanna ach cistí athraitheacha faoin gclár roimhe seo). Dá réir sin, is cosúil go gcruthóidh maoiniú atá dáilte faoin bhfachtóir nua athruithe buiséadacha áirithe ag leibhéal aonair na scoile – mar sin féin, cuirfidh na hathruithe seo méadú in iúl don chuid is mó, agus an aidhm ná laghdú ar bith a íosmhéadú nuair is féidir.

2.6 Tá buiséid atá socraithe do mhaoiniú MAGS/Bunchéime i láthair na huaire le méadú ón leibhéal reatha thart ar £17.5m in 2008/09 go £22.2m in 2009/10.

2.7 Tá sé molta trí dháileadh an bhuiséid seo in 2009/10 go ndéanfaí cnapshuim íosmhéide de £12,000 a leithdháileadh ar scoileanna le comhrollú bunscoile 1 agus bunscoile 2 de 10 nó níos lú, agus £346 in aghaidh an dalta do gach dalta os cionn 10.

2.8 Do chuspóirí léirithe, sonraíonn an tábla thíos an maoiniú réamh-mheasta do raonta éagsúla daltaí, ag úsáid leithdháileadh cnapshuime de £12,000 agus tairseach íosmhéide de 10 dhalta:

Leibhéil maoinithe léirithe

Comhrolluithe P1 & P2	Maoiniú £
10	12,000
20	15,463
30	18,926
40	22,390
50	25,853
60	29,316
80	36,242
100	43,169
120	50,095
140	57,022
160	63,948

Íosmhéid £12k do 10 dhalta nó níos lú
Méid in aghaidh an dalta os cionn 10 = £346.32

Togra

Iarrtar ar scoileanna a gcuid tuairimí a nochtadh gur chóir fachtóir Bunchéime nua a áireamh san Fhoirmle Cómhaoinithe le hacmhainní a dháileadh chun tacú le bunscoileanna i seachadadh Bunchéime an churaclaim bunscoile: le leithdháileadh iomlán de £12,000 do bhunscoileanna incháilithe (do chomhrolluithe bunscoile 1 agus 2 suas go dtí 10 dalta) agus méid ina aghaidh an dalta ina dhiaidh sin do gach dalta bunscoile B1 & B2 os cionn 10.

Tá breis eolais ar an moladh agus na torthaí léirithe le feiceáil ag Iarscríbhinn A.

3. Fachtóir Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile

Socruithe maoinithe reatha agus cúlra

3.1 Mar aitheantas ar an mbrú áirithe roimh Phríomhoidí bunscoile atá i mbun múinteoireachta, d'fhógair an tAire tiomantas an rialtas i mí Feabhra 2008 le beagnach £12 milliún thar tréimhse an Bhuiséid le cinntiú go bhfuil dhá lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad de thráth scaoilte ó dhualgais mhúinteoireachta ar fáil do Phríomhoidí na scoileanna níos lú ó Mheán Fómhair 2008. Ceadóidh an tráth scaoilte ó dhualgais an tseomra ranga do Phríomhoidí díriú ar gcuid dualgais ó thaobh ceannaireachta, bainistíochta agus riaracháin.

3.2 Tá foráil déanta cheana féin trí Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga laistigh den bhFoirmle Cómhaoinithe chun éascú a dhéanamh ar thráth scaoilte Phríomhoidí na mbunscoileanna níos lú ó theagmháil ranga go dtí lá amháin in aghaidh na seachtaine – Tagair d'Alt 3.34 na Scéime Cómhaoinithe. Déanfaidh na hacmhainní breise atá curtha ar fáil ó Mheán Fómhair 2008 lá breise de thráth scaoilte a sholáthar do na Príomhoidí sin, a chuidíonn le cinntiú go bhfuil dhá lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad atá saor ó theagmháil ranga.

3.3 Dáileadh thart ar £2.5m sa bhliain airgeadais reatha 2008/09 ar bhunscoileanna níos lú lasmuigh d'fhoirmle tharmligthe na socruithe maoinithe BÁS, a chlúdaíonn an tréimhse ó Meán Fómhair 2008 go dtí Márta 2009 (Tagair don Uimhir Imlitreach 2008/17).

3.4 Rinneadh an maoiniú a dháileadh ar scála aistritheach, trínar aimsigh bunscoileanna suas le 100 dalta an méid uasmhéide ar fáil thart ar £4,508, leis an leithdháileadh seo laghdaithe de -£22.54 go neasach do gach dalta os cionn 100, go náid do scoileanna le 300 dalta bunscoile nó níos mó.

3.5 Táthar ag smaoineamh anois faoi phríomhshruthú an mhaoinithe seo laistigh de shocruithe reatha an Fhoirmle Chómhaoinithe. Tá maoiniú pleanáilte don 1 lá de thráth scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile ó dhualgais mhúinteoireachta (don bhliain iomlán ó 2009/10) le méadú go £4.5m go neasach, agus an moladh atá ann ná go mbeadh an buiséad dáilte trí mhodh fachtóra nua dar teideal fachtóir Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile. Ina theannta sin, bheadh eilimint mhaoinithe san áireamh san fhachtóir atá dáilte i láthair na huaire ar bhunscoileanna faoi fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga chun éascú a dhéanamh ar thráth scaoilte Phríomhoidí na mbunscoileanna níos lú ó theagmháil ranga ar feadh lá amháin in aghaidh na seachtaine.

Cuspóir an athraithe molta

3.6 Bheadh dáileadh laistigh de shocruithe maoinithe tarmligthe ag iarraidh:

- méadú ar mhéid an mhaoinithe tarmligthe do bhunscoileanna, méadú ar sholúbthacht do scoileanna leis an maoiniú seo a úsáid; agus

- éiginnteachtaí féideartha a bhaint do scoileanna faoi shocruithe reatha, maidir le fáil agus méid an mhaoinithe ó bhliain go bliain; a chuidíonn dá réir le pleanáil bhuiséadach níos luaithe ag scoileanna.

3.7 Tá sé molta go ndéanfaidh an fachtóir nua an eilimint mhaoinithe reatha 1 lá a ionchorprú laistigh de Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga (SSSF), chomh maith le maoiniú breise trátha scaoilte 1 lá, a bheidh curtha ar fáil ó Mheán Fómhair 2. Bheadh an cnapshuim íosmhéide atá feidhmithe do bhunscoileanna faoin SSSF le hoiriúnú go 1.0 uair pointe droma an tuarastail ábhartha, móide costais (i gcomparáid le hiolraitheoir reatha 1.2 - Tagair d'Alt 3.36 na scéime Cómhaoinithe) agus dhéanfadh Tráth Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile thart ar £9m a dháileadh (.i. an £4.5m de mhaoiniú breise móide maoiniú comhoiriúnaithe atá dáilte faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga i láthair na huaire) chun lá trátha scaoilte ar a laghad a sholáthar faoin bhfachtóir nua.

3.8 Tá cinneadh caiteachais an mhaoinithe tarmligthe ar fad do scoileanna faoi Bhainistíocht Áitiúil na Scoileanna mar cheist do gach Bord Gobharnóirí scoile i gcomhar leis an bPríomhoide. Toisc go bhfuil an maoiniú seo dírithe go sonrach ar an ualach oibre ar Phríomhoidí bunscoile a mhaolú, ba chóir do na Príomhoidí seo a chinntiú go bhfuil dhá lá in aghaidh na seachtaine acu atá saor ó theagmháil ranga agus bheifí ag súil go gcinnteodh na Boird Ghobharnóirí go bhfuil na coinníollacha riachtanacha ann inar féidir leis an bPríomhoide úsáid a bhaint as an am seo.

3.9 Faoi na socruithe molta, tá sé beartaithe go mbeadh an acmhainn mhaoinithe nua inaitheanta ann féin laistigh de Ráiteas Buiséid na scoile chun ceadú do phleanáil chuí le cinntiú nach bhfuil dualgas ar an bPríomhoide níos mó ná trí lá in aghaidh na seachtaine a chaitheamh le dualgais mhúinteoireachta. Ag teacht leis na socruithe atá feidhmithe do mhaoiniú dáilte lasmuigh den bhfoirmle in 2008/09, táthar ag súil go mbeidh soláthar na laethanta neamh-theagaisc do cheannaireacht, bainistíocht agus freagrachtaí riaracháin curtha in iúl i bpleananna forbartha na scoileanna. Ba chóir do Phríomhoide ar bith nach bhfuil ábalta an t-am saor cuí a fháil ó theagmháil ranga, nó a sheachnaítear dóibh a leithéidí a dhéanamh, dul i gcomhairle lena n-údarás fostaíochta.

<u>Measúnú Achomair</u>

3.10 Bheadh maoiniú thart ar £4.5m atá le dáileadh in 2009/10 do lá breise trátha scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile dáilte faoi fhachtóir nua an fhoirmle mhaoinithe. Bheadh £4.5m breise le n-ionchorprú ó oiriúnú d'fheidhmiú fachtóra reatha Tacaíochta na Scoileanna Beaga do bhunscoileanna. Bheadh maoiniú iomlán thart ar £9m dáilte ansin ar

bhunscoileanna incháilithe faoi fhachtóir nua Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile, agus thart ar £4.5m níos lú daite ar bhunscoileanna faoi fhachtóir athbhreithnithe Tacaíochta na Scoileanna Beaga.

3.11 Tá sé molta go mbeadh an maoiniú iomlán faoi fhachtóir Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile (thart ar £9m) dáilte ar bhunscoileanna ar an mbealach céanna le Fachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga reatha do bhunscoileanna, a sholáthródh cnapshuim thart ar £15,900 le dáileadh ar bhunscoileanna suas le 100 dalta agus laghdú sa mhaoiniú de -£79.56 in aghaidh an dalta os cionn 100, go náid ag 300 dalta

3.12 Dhéanfadh Fachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga oiriúnaithe do bhunscoileanna – ag baint leasa as luach athbhreithnithe de 1.0 uair an chostais múinteoireachta ábhartha feidhmithe chun leithdháileadh na cnapshuime uasmhéide faoin bhfachtóir seo a ríomh (Tagair d'Alt 3.36 na Scéime Cómhaoinithe) – thart ar £38,600 a dháileadh do scoileanna níos lú le rolluithe suas le 100 (ag úsáid luachanna reatha agus sonraí daltaí in 2008/09), agus laghdódh sé seo go, (de -£193.20 in aghaidh an dalta bunaithe ar leibhéil/sonraí maoinithe reatha) náid do scoileanna le 300 dalta nó níos mó

3.13 Do chuspóirí léirithe (ag úsáid sonraí 2008/09), bhí na torthaí maoinithe féideartha do raon rolluithe bunscoile measúnaithe mar a leanas:

TORTHAÍ MAOINITHE TÁSCACHA

Daltaí[1]	**PPRT** [2]	SSSF Athbhreithnithe [1, 3]	Fachtóirí foriomlána
50	**£15,912**	£38,639	£54,551
100	**£15,912**	£38,639	£54,551
120	**£14,321**	£34,775	£49,096
140	**£12,730**	£30,911	£43,641
160	**£11,139**	£27,048	£38,186
180	**£9,547**	£23,184	£32,731
200	**£7,956**	£19,320	£27,276
220	**£6,365**	£15,456	£21,821
250	**£3,978**	£9,660	£13,638
300	**£0**	£0	£0

Nótaí: 1. Luachanna SSSF bunaithe ar shonraí FC 2008/09
2. Leithdháiltí PPRT bunaithe ar mhaoiniú pleanáilte de £9m in 2009/10
3. SSSF athbhreithnithe bunaithe ar iolraitheoir 1.0 do chostais tuarastal seachas 1.2 (luach reatha)

Togra

Iarrtar ar scoileanna a gcuid tuairimí a nochtadh ar an moladh gur chóir fachtóir nua Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile a thabhairt isteach san Fhoirmle Cómhaoinithe, (ina mbeadh eilimint de mhaoiniú san áireamh atá leithdháilte faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga do bhunscoileanna), le hacmhainní a dháileadh ar bhunscoileanna níos lú chun cuidiú leo dhá lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad de thráth scaoilte ó dhualgais mhúinteoireachta a chur ar fáil do Phríomhoidí na scoileanna sin.

Faoin bhfachtóir nua, d'aimseodh bunscoileanna le rolluithe bunscoile suas le 100 cnapshuim uasmhéide thart ar £15,900 le laghdú sa mhaoiniú de -£79.56 in aghaidh an dalta os cionn 100, go náid ag 300 dalta. Faoi fhachtóir athbhreithnithe bunscoile Tacaíochta na Scoileanna Beaga, d'aimseodh bunscoileanna le rolluithe bunscoile suas le 100 an cnapshuim uasmhéide (£38,639 ag baint leasa as costais tuarastal 2008/09, le laghdú sa mhaoiniú de -£193 in aghaidh an dalta os cionn 100, go náid ag 300 dalta.)

Tá breis eolais ar an moladh agus na torthaí léirithe le feiceáil ag Iarscríbhinn A.

IARSCRÍBHINN: TORTHAÍ LÉIRITHE AGUS SAMPLAÍ D'ATHRUITHE MOLTA

1. Athrú in ualú bunscoile AWPU go 1.05 do 2009-10

Tá an measúnú a leanas ar mhéadú féideartha in ualú AWPU na ndaltaí bunscoile go 1.05 mar **léiriú amháin** agus bunaithe ar shonraí daltaí agus scoile reatha a úsáideadh do chuspóirí maoinithe in 2008/09. Níl sé indéanta na torthaí foriomlána iarbhír a thuar maidir le hathrú mar seo ó 2009-10 toisc go mbeidh torthaí iarbhír ag brath ar an leibhéal maoinithe atá ar fáil do scoileanna in 2009-10; ar chúinsí aonair na scoileanna agus ar phróifílí na ndaltaí ag an am; chomh maith le mionathruithe ar bith a dhéantar ar fhachtóirí eile laistigh den bhfoirmle.

Baineann an difríocht mhaoinithe léirithe leis an athrú ar ualú bunscoile AWPU amháin, in aghaidh shonraí maoinithe agus daltaí 2008/09. Beidh na hathruithe maoinithe iarbhír, maidir le hualú AWPU níos airde do dhaltaí bunscoile in 2009-10, ag brath ar leibhéal foriomlán an mhaoinithe atá ar fáil do scoileanna in 2009-10 agus ar chúinsí aonair na scoile agus na ndaltaí ag an am.

Sampla:

Do bhunscoil le rollú iomlán de 180 dalta in aois bhunscoile, bheadh an maoiniú dáilte faoin bhfachtóir AWPU amháin méadaithe thart ar £3,500.

	Daltaí CLA	Luach Airgid AWPU	Ualú	Maoiniú
Iarbhír 0809	180	1966.16	1.04	£368,065
Múnlaithe *	180	1966.16	1.05	£371,604
Difríocht	0	0	0.01	£3,539

* Luach airgid AWPU aischurtha chuig luach reatha le £3m breise

Chiallódh an £3m pleanáilte breise (do bhuiséid in 2009/10) chun soláthar a dhéanamh do líon méadaithe ar iomlán AWPU (atá cruthaithe ag ualú bunscoile AWPU níos airde), nach mbeadh **athrú ar bith ar sciartha maoinithe coibhneasta do dhaltaí naíolainne agus iar-bhunscoile.**

2. Fachtóir Bunchéime

Fachtóir nua laistigh den bhfoirmle maoinithe chun maoiniú a dháileadh ar bhunscoileanna mar thacaíocht do Bhunchéim an churaclaim bunscoile.
(Sonraithe bunaithe ar 2008/09 úsáidte le haghaidh léiriú amháin)

Maoiniú measta iomlán ar fáil le dáileadh faoin bhfachtóir seo in 2009/10 =	£22.2m
Leibhéal maoinithe molta na cnapshuime íosmhéide =	£12,000
Tairseach molta an dalta do mhaoiniú íosmhéide =	suas le 10 dhalta CLA (Comhrolluithe P1 agus P2)
Méid bhreise do gach dalta os cionn an tairsí íosmhéide (bunaithe ar shonraí 2008/09)	£346.32 in aghaidh an dalta

Nóta: Mar atá le socruithe maoinithe reatha, beidh aitheantas faoi leith ann do mheasúnuithe maoinithe agus socruithe méide na ndaltaí sna haonaid trí mheán na Gaeilge, agus na haonaid Naíolainne / Speisialta agus daltaí i Ranna Ullmhúcháin na scoileanna gramadaí a eisiamh.

Comhrolluithe P1 & P2	Maoiniú £
10	12,000
20	15,463
30	18,926
40	22,390
50	25,853
60	29,316
80	36,242
100	43,169
120	50,095
140	57,022
160	63,948

Sampla:
Tá 20 dalta ag bunscoil i mBliain 1 agus 24 dalta i mBliain 2, a thugann comhrollú de 44 sna grúpaí aoise seo. D'aimseodh an scoil cnapshuim íosmhéide don chéad 10 dhalta agus ansin £346.32 in aghaidh an dalta ó 11 go 44, a thugann figiúr réamh-mheasta de mhaoiniú £23,775 faoin bhfachtóir nua.

Suim íosmhéide	=	£12,000
34 dalta (os cionn an tairsí íosmhéide) = 34 x £346.32	=	£11,775
Iomlán	=	**£23,775**

3. Fachtóir Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile

Maoiniú pleanáilte do dháileadh faoin bhfachtóir nua in 2009/10 = £9m, a ionchorpraíonn an eilimint mhaoinithe atá dáilte ar bhunscoileanna níos lú faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga i láthair na huaire, chun tacaíocht áirithe a sholáthar do Phríomhoidí lena tráth scaoilte ó thiomantas múinteoireachta lánaimseartha a chinntiú ionas gur féidir leo freagrachtaí ceannaireachta, bainistíochta agus riaracháin a chomhlíonadh.

Oiriúnú ar <u>Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga</u>
Beidh ionchorprú na hacmhainne seo sna socruithe foirmle ag teastáil maidir le Fachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga reatha do bhunscoileanna mar atá leagtha amach in Alt 3.10 go dtí 3.12 den doiciméad comhairliúcháin (ag baint leasa as *costais tuarastal 2008/09).*

<u>Reatha</u>

Costas Tuarastail Ábhartha úsáidte Iolraitheoir	£38,639 x 1.2	
Cnapshuim uasmhéide do scoileanna	£46,367	(do scoileanna le 100 dalta nó níos lú in aois bhunscoile)
Laghdú in aghaidh an dalta os cionn 100	-£232	(ag barrchaolú go náid do bhunscoileanna le 300 dalta bunscoile nó níos mó)

<u>Athbhreithniú molta</u> ar fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga ag baint leasa as *costais tuarastal 2008/09*

Costas Tuarastail Ábhartha úsáidte Iolraitheoir	£38,639 x 1.0	(iolraitheoir laghdaithe go 1.0, le 0.2 anois laistigh den fhachtóir nua)
Cnapshuim uasmhéide do scoileanna	£38,639	(do scoileanna le 100 dalta nó níos lú in aois bhunscoile)
Laghdú in aghaidh an dalta os cionn 100	-£193	(ag barrchaolú go náid do bhunscoileanna le 300 dalta bunscoile nó níos mó)

Fachtóir Nua Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile

Dhéanfaí an maoiniú nua a chomhcheangal faoi fhachtóir nua ansin, (taobh le maoiniú do thráth scaoilte 1 lá Príomhoide dáilte roimhe sin faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga do bhunscoileanna), – chun tacú le scoileanna ar a laghad dhá lá in aghaidh na seachtaine de thráth scaoilte ó dhualgais mhúinteoireachta a sholáthar do Phríomhoidí bunscoile.

Cnapshuim uasmhéide do scoileanna	£15,912	(cnapshuim uasmhéide measúnaithe do scoileanna le 100 dalta nó níos lú in aois bhunscoile)
Laghdú in aghaidh an dalta os cionn 100	-£79.56	(ag barrchaolú go náid do bhunscoileanna le 300 dalta bunscoile nó níos mó)

TÁBLA DE THORTHAÍ MAOINITHE MÚNLAITHE

Daltaí[1]	**PPRT** [2]	SSSF Athbhreithnithe [1, 3]	Fachtóirí foriomlána
50	**£15,912**	£38,639	£54,551
100	**£15,912**	£38,639	£54,551
120	**£14,321**	£34,775	£49,096
140	**£12,730**	£30,911	£43,641
160	**£11,139**	£27,048	£38,186
180	**£9,547**	£23,184	£32,731
200	**£7,956**	£19,320	£27,276
220	**£6,365**	£15,456	£21,821
250	**£3,978**	£9,660	£13,638
300	**£0**	£0	£0

Nótaí: 1. Luachanna SSSF bunaithe ar shonraí FC 2008/09
2. Leithdháiltí PPRT bunaithe ar mhaoiniú pleanáilte de £9m in 2009/10
3. SSSF athbhreithnithe bunaithe ar iolraitheoir 1.0 do chostais tuarastal seachas 1.2 (luach reatha)

Sampla

Do chuspóirí comparáide, faigheann bunscoil le 135 dalta in aois bhunscoile maoiniú mar a leanas **i láthair na huaire** faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga reatha (ag baint úsáid as luachanna 2008/09):

Cnapshuim uasmhéide ar fáil = £46,367
Maoiniú laghdaithe ina aghaidh an dalta os cionn 100 (35 x -£231.84)
= - £8,114

Maoiniú Iomlán faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga = £38,253

Faoi shocruithe molta nua, bheadh maoiniú le fáil ag an scoil chéanna le 135 dalta in aois bhunscoile faoi fhachtóir athbhreithnithe Tacaíochta na Scoileanna Beaga agus leithdháileadh eile faoi fhachtóir nua Trátha scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile.

a) Faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga athbhreithnithe, bheadh na suimeanna a leanas le fáil ag an scoil:

Cnapshuim uasmhéide ar fáil = £38,639

Maoiniú laghdaithe ina aghaidh an dalta os cionn 100 (35 x -£193.20)

= -£6,762

Maoiniú faoi Fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga athbhreithnithe = £31,877

b) Faoi fhachtóir nua Trátha Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile, bheadh na suimeanna a leanas le fáil ag an scoil **freisin**:

Cnapshuim uasmhéide ar fáil = £15,912

Maoiniú laghdaithe in aghaidh an dalta os cionn 100 (35 x -£79.56) = -£2,785

Maoiniú do fhachtóir nua Trátha Scaoile na bPríomhoidí Bunscoile = £13,127

(a +b) Faoin dá fhachtóir **ina iomláine** de Thacaíocht na Scoileanna Beaga agus Tráth Scaoilte na bPríomhoidí Bunscoile, bheadh iomlán le fáil ag an scoil atá díreach os cionn

£45,000

Nóta: Ní bheidh athrú ar shocruithe reatha do dháileadh maoinithe in iar-bhunscoileanna faoi fhachtóir Tacaíochta na Scoileanna Beaga.